# Súil Sprice

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – oibriochtaí, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, patrúin agus gaolta, uimhirnaisc, cuntas<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br><br>Réasúnaíocht – réasúnú go córasach i gcomhthéacs matamaiticiúil<br><br>Cur i bhfeidhm – straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a bheartú agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chur i gcrích |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | amháin, dúbailte, triarach, suimiú, dealú, iolrú, roinnt, céatadán, meán, difear, uillinneacha |
| **Áiseanna** | Clár Dairteanna Mol Mata, Clár Dairteanna fíor |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Ar dtús, lig do na daltaí spriocanna a bhaint amach trí uimhreacha aonaracha a bhualadh. Tá trí dhairt ag gach dalta. Mar shampla, chun 60 a scóráil iarr orthu 20 aonair a bhualadh, trí huaire. Faigh amach cé atá ábalta an scór is airde a fháil le trí dhairt ag bualadh uimhreacha aonaracha. Iarr orthu líon na gcaitheamh a rinne siad chun sprioc ar leith a bhaint amach a thaifeadadh. Mar shampla, *'Cé mhéad caitheamh atá ort a dhéanamh chun 50 a bhaint amach?'* An bhfuil slite ar bith eile ann ar féidir leat an scór seo a bhaint amach? Déan é seo arís maidir le sprioc-uimhreacha difriúla.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tabhair an clár dúbailte isteach. Mínigh gur sprioc na gníomhaíochta seo ná dúbailt a bhualadh le trí dhairt gach uair. Faigh amach cé atá ábalta an scór is airde a fháil le trí dhairt ag bualadh trí dhúbailt. Iarr orthu líon na gcaitheamh a rinne siad chun sprioc ar leith a bhaint amach a thaifeadadh. Mar shampla, *'Cé mhéad caitheamh atá ort a dhéanamh chun 56 a bhaint amach?'* An bhfuil slite ar bith eile ann ar féidir leat an scór seo a bhaint amach? Déan é seo arís maidir le sprioc-uimhreacha difriúla.

### 3 Gníomhaíocht 3

Tabhair an clár triarach isteach. Mínigh gur sprioc na gníomhaíochta seo ná scór faoi thrí a bhualadh le trí dhairt gach uair. Faigh amach cé atá ábalta an scór is airde a fháil le trí dhairt ag bualadh trí scór faoi thrí. Iarr orthu líon na gcaitheamh a rinne siad chun sprioc ar leith a bhaint amach a thaifeadadh. Mar shampla, *'Cé mhéad caitheamh atá ort a dhéanamh chun 90 a bhaint amach?'* An bhfuil bealaí ar bith eile ann ar féidir leat an scór seo a bhaint amach? Déan é seo arís maidir le sprioc-uimhreacha difriúla.

### 4 Gníomhaíocht 4

Anois, mínigh rialacha an ghnáthchluiche dairteanna do na daltaí. An aidhm ná sprioc-uimhir a bhaint amach ag úsáid tribilí, scór amháin agus dúbailtí. Caithfear an sprioc a bhaint amach trí chríochnú ar dhúbailt, mar sin de, beidh ar dhaltaí bheith ar an eolas faoi chorruimhreacha agus faoi ré-uimhreacha. Iarr orthu líon na gcaitheamh a rinne siad chun an sprioc-uimhir a bhaint amach a thaifeadadh.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an scór is airde/is ísle is féidir leat a bhualadh ag úsáid dairt amháin/dhá dhairt/trí dhairt?<br>• Cad iad na scóir nach féidir leat a bhualadh le dúbailt/tribil? | • Cé mhéad slí ar féidir leat ___ a scóráil le 3 dhairt?<br>• Cad iad na scóir idir 50 agus 60 is féidir leat a bhualadh le dairt amháin agus cén tslí?<br>• Cad a tharlódh dá n-athrófá na huimhreacha ar an gclár dairteanna nó dá gcuirfeá x10, nó x100 in áit na dtribilí? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Socraigh sprioc-uimhreacha, líon na gcaitheamh nó ndúbailtí/dtribilí úsáidte de réir ábaltacht an dalta.